# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008**

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

Ardleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Déardaoin 12 Meitheamh Tráthnóna, 2.00 p.m. go dtí 4.30**

**Treoracha**

- Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa: 1000 AD go dtí an Lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).
- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc (50).
- Is cóir sceitsí agus léaráidí a úsáid chun do chuid pointí a léiriú.
- Déan tagairt do na ***léaráidí atá ar an mbileog leis an bpáipéar seo*** mar is gá.

## ROINN I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Déan cur síos agus plé ar an tsnoíodóireacht chloiche ag Brú na Bóinne, agus tú ag tagairt dá suíomh, móitífeanna agus do na teicníochtaí a úsáideadh.
**agus**
Déan comparáid idir an tsnoíodóireacht ag Brú na Bóinne agus sampla amháin eile de shnoíodóireacht chloiche ón tréimhse réamh-Chríostaí.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Léiríonn déantáin óir ón gCré-umhaois in Éirinn scileanna dearthóireachta agus scileanna ceardaíochta a gcuid déantóirí araon.
Pléigh an ráiteas seo maidir le foirm, feidhm, maisiúchán agus teicníochtaí miotalóireachta dhá earra óir ainmnithe ar bith ón tréimhse seo.
**agus**
Scríobh cuntas gearr ar mhuintir na Cré-umhaoise in Éirinn agus ar fhoinsí na n-amhábhar dá gcuid déantán óir.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Leathanaigh as dhá lámhscríbhinn mhaisithe Éireannacha ***atá léirithe ar an mbileog leis seo.***
Ainmnigh na lámhscríbhinní agus na leathanaigh, déan cur síos ar an dá leathanach agus déan comparáid eatarthu agus tú ag tagairt don leagan amach, don íomháineachas, don dearadh, don dath agus don siombalachas.
**agus**
Déan plé achomair ar an bhfeidhm a bhí ag an dá leabhar seo, agus ar na cúinsí a chuidigh lena dtáirgeadh.
*Léirigh do fhreagra.*

**4**. Samplaí de mhiotalóireacht agus d'obair chloiche Éireannach iad an dá shaothar ***atá léirithe ar an mbileog leis seo.***
Ainmnigh an dá shampla, déan comparáid eatarthu agus pléigh go mion iad agus tú ag tagairt don tréimhse inar cruthaíodh iad, do na hábhair, don fhoirm, don mhaisiúchán agus do na teicníochtaí a úsáideadh chun iad a tháirgeadh.
**agus**
Mínigh go hachomair an fheidhm a bhí ag an dá earra.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Sampla d'ailtireacht Phalladaíoch ón Ochtú hAois Déag é Teach Bellamont, i gContae an Chabháin, ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Ainmnigh an t-ailtire agus déan cur síos agus plé ar stíl agus ar ghnéithe ailtireachta an fhoirgnimh seo.
**agus**
Déan comparáid idir Teach Bellamont agus foirgneamh Seoirseach Éireannach ainmnithe eile.
*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Tá comhthimpeallacht Iarthar na hÉireann tráth a péinteáladh an pictiúr ealaíne gafa in *Dealg an tSí* (*The Fairy Thorn*) ag Paul Henry (1876-1958). ***Tá sé léirithe ar an mbileog leis seo.***
Pléigh an ráiteas seo agus tú ag tagairt don ábhar, don chumadóireacht agus don stíl phéintéireachta.
**agus**
Tabhair cuntas gearr ar shaothar Paul Henry agus tú ag tagairt do phictiúr ealaíne ainmnithe amháin eile dá chuid.
*Léirigh do fhreagra*.

**7.** Roghnaigh duine amháin de na dealbhóirí/ péintéirí/ dearthóirí seo a leanas:
Dealbhóirí: Vivienne Roche, John Behan, Brian King
Péintéirí: Brian Bourke, Tony O'Malley, Jim Fitzpatrick
Dearthóirí: Eileen Gray, John Rocha, Stephen Pearce
**agus**
Déan plé ar shaothar do rogha dealbhóir/ péintéir/ dearthóir, agus tú ag tagairt go mion do shaothar ainmnithe amháin de chuid an duine sin i do fhreagra. Déan tagairt shonrach don mheán/ do na hábhair, don stíl agus do na cáilíochtaí físiúla.
*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn II – Ealaín na hEorpa (1000 AD go dtí an Lá Inniu)

**8.** Déan cur síos agus plé ar fhorbairt na hailtireachta Gotaí ón 12ú hAois go dtí an 16ú hAois agus tú ag tagairt do na ***trí léaráid ar an mbileog leis seo.***
Ainmnigh i do fhreagra na trí fhoirgneamh agus déan tagairt don struchtúr, don mhaisiúchán agus don stíl.
*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Rinneadh ealaín na peirspictíochta a fhorbairt le linn an Luath-Renaissance i bhFlórans. Pléigh an ráiteas seo agus tú ag tagairt go mion do shaothar ealaíne ainmnithe le Paolo Uccello (1397-1475)
**agus**
Pléigh go hachomair saothar eile le Uccello **nó** saothar le healaíontóir eile de chuid an Luath-Renaissance a léiríonn go soiléir úsáid na peirspictíochta.
*Léirigh do fhreagra.*

**10.** Déan cur síos agus plé ar *Deastógáil na Maighdine* le Titian (1488-1576) ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***, agus tú ag tagairt don stíl, don chumadóireacht agus don dhath.
**agus**
Ainmnigh agus déan plé achomair ar shaothar amháin eile le Titian nó ar shaothar le healaíontóir Veinéiseach eile ón tréimhse chéanna.
*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Ealaíontóir tábhachtach ba ea Caravaggio (1573-1610) sa Tréimhse Bharócach agus nuálaí mór ba ea é i stair na péintéireachta. Pléigh an ráiteas seo agus tú ag tagairt do *An Séire ag Emmaus* ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
**agus**
Ainmnigh agus déan plé achomair ar shaothar amháin eile le Caravaggio.
*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Léirigh Jacques-Louis David (1748-1825) stíl Nuachlasaiceach an 18ú hAois ina chuid péintéireachta. Pléigh an ráiteas seo agus tú ag tagairt go mion do *Móid na Horattii,* ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
**agus**
Ainmnigh agus déan plé achomair ar shaothar amháin eile le Jacques-Louis David.
*Léirigh do fhreagra.*

**13.** Dhealaigh a stíl agus rogha a chuid ábhar Edgar Degas (1834-1917) ó ealaíontóirí eile de chuid an 19ú hAois. Pléigh an ráiteas seo agus tú ag tagairt go mion do shaothar ar bith dá chuid.
**agus**
Déan comparáid achomair idir do rogha saothar le Degas agus pictiúr ealaíne ainmnithe le healaíontóir eile ón 19ú hAois.
*Léirigh do fhreagra.*

**14.** Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Roghnaigh agus ainmnigh saothar as ceann amháin de na catagóirí seo a leanas:
- Pictiúr ealaíne nó píosa dealbhóireachta a bhaineann le capaill
- Pictiúr ealaíne a bhfuil uisce ann
- Painéal rilífe le Ghiberti
- Ailtireacht – foirgneamh Nua-Aoiseach
- Pictiúr ealaíne le Lucien Freud

(b) Déan plé mion ar an saothar atá roghnaithe agat, agus tú ag tagairt don stíl, don cumadóireacht/dearadh, don teicníocht, don ealaíontóir/ailtire agus don tréimhse ina ndearnadh an saothar.
(c) Ainmnigh, agus déan cur síos agus plé ar shampla amháin eile as an gcatagóir céanna nó ar shaothar eile leis an ealaíontóir/ailtire atá roghnaithe agat.
*Léirigh do fhreagra.*

**15.** Sampla de shaothar Pablo Picasso (1881-1973) le linn tréimhse ar leith dá shaol é *An Sean-Ghiotáraí,* ***atá léirithe ar an mbileog leis seo.***
Pléigh *An Sean-Ghiotáraí* go mion.
**agus**
Cuir *An Sean-Ghiotáraí* i gcomparáid agus i gcontrárthacht le saothar ainmnithe eile le Picasso ó thréimhse eile dá shaol.
*Léirigh do fhreagra.*

**16**. Déan cur síos go mion ar na príomhthréithe a bhain le **ceann amháin** de na gluaiseachtaí ealaíne seo a leanas:
- Fauveachas
- Eispriseanachas
- Todhchaíochachas
- Dadachas

**agus**
Déan cur síos agus plé ar shaothar ainmnithe amháin le healaíontóir a raibh a c(h)uid ealaíne ina sampla tipiciúil den ghluaiseacht atá roghnaithe agat.
*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn III – Léirthuiscint na hEalaíne

**17.** Timpeallacht é Gailearaí Ealaíne/Músaem a dhéantar a dhearadh chun saothair ealaíne a thaispeáint agus is féidir go gcuidíonn sé linn chun teacht ar thuiscint agus ar léirthuiscint níos fearr ar chúrsaí ealaíne.
Pléigh an ráiteas seo maidir le cuairt a thug tú le déanaí ar mhúsaem nó ar ghailearaí ainmnithe, agus tú ag tabhairt mionchuntais ar dhá shaothar ainmnithe.
**agus**
Déan plé achomair ar an gcaoi ar chuir do chuid staidéir ar na saothair ealaíne seo feabhas ar d'obair **phraiticiúil** féin.
*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Cruthaítear foirm níos taitneamhaí den saol uirbeach nuair a fhreagraíonn an ailtireacht do chúinsí sóisialta agus timpeallachta.
Pléigh an ráiteas seo maidir le scéim foirgneoireachta ar bith ar d'eolas.
Bíodh tagairt i do fhreagra don fheidhm, don scála, do na hábhair, don tionchar ar an timpeallacht, agus do na gnéithe sóisialta.
**agus**
Rianaigh go hachomair, le cúnamh sceitsí, do smaointe féin maidir le tírdhreachadh a dhéanamh ar scéim foirgneoireachta i do chomharsanacht féin.
*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Is breá le daoine de gach aois scannáin fantaisíochta, agus dá chomhartha sin bhí an-rath ar scannáin mar *Harry Potter and the Order of the Phoenix, The Chronicles of Narnia (The Lion, the Witch and the Wardrobe),* agus ar an tsraith *The Pirates of the Caribbean.*
Déan cur síos agus plé ar **<u>radharc amháin</u>** as ceann amháin de na scannáin thuas.
Bíodh tagairt, i do fhreagra, don fheisteas, don smideadh, don radharcra/suíomh, do na héifeachtaí speisialta agus don obair cheamara.
**agus**
Déan plé achomair ar an gcaoi a léiríonn an chlóghrafaíocht a úsáideadh sa teideal agus sna teidil chreidiúna ábhar an scannáin atá pléite agat.
*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Déan cur síos agus plé ar chlúdach na hirise ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*** agus tú ag tagairt don íomháineachas, don dath, don chlóghrafaíocht agus don éifeacht fhísiúil.
**agus**
Pléigh go hachomair an chaoi ar féidir leis an ríomheagarthóireacht íomhánna fótagrafacha a fheabhsú don dearadh grafach.
*Léirigh do fhreagra.*

**21.** Cuid d'obair dheartha earraí é cothromaíocht a bhaint amach idir an dealramh agus an fheidhm.
Pléigh an ráiteas seo maidir le **<u>dhá cheann</u>** ar bith díobh seo a leanas, agus tú ag tagairt don fhoirm, do na hábhair, don fheidhm agus do na cáilíochtaí maisiúcháin.
- fón póca
- citeal leictreach
- mála láimhe nó mála spóirt

**agus**
Pléigh go hachomair an tionchar a bhíonn ag treochtaí faisin, le himeacht ama, ar do rogha táirge.
*Léirigh do fhreagra.*

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán